**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*

**2021/2209(INI)**

7.2.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

I dtreo straitéis AE chun oideachas do leanaí ar domhan a chur chun cinn: Tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú
(2021/2209(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Sabine Verheyen

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

# MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. Cuireann sé fáilte roimh na tiomantais a tugadh ag Comhdháil Dhomhanda EOECNA 2021 maidir le hOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe agus roimh ghlacadh le Dearbhú Bheirlín; éilíonn sé go gcinnteofaí oideachas ardchaighdeáin do leanaí uile mar chumasóir do Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe uile NA agus cuireann sé béim ar a thábhachtaí agus atá sé forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú le gach leibhéal oideachais agus oiliúna ó oideachas na luath-óige go hoideachas tríú leibhéal agus oideachas aosach, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, oideachas seachfhoirmiúil agus foghlaim neamhfhoirmiúil;

2. Léiríonn sé nár cheart go gcuirfí bac ar an gceart bunúsach ar oideachas ardchaighdeáin agus ar oideachas ar feadh an tsaoil mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ar dhúnadh sealadach na scoileanna mar thoradh uirthi; cuireann sé béim ar an riachtanas go gcuirfí an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí ar fáil do leanaí uile a theastaíonn uathu chun gníomhú mar shaoránaigh agus chun a gcumas socheacnamaíoch agus a bhforbairt phearsanta a bhaint amach, beag beann ar cé hiad, ar an áit a gcónaíonn siad, ar a gcúlra socheacnamaíoch, nó ar aon mhíchumas fisiciúil nó meabhrach a d'fhéadfadh a bheith acu;

3. Gríosaíonn sé údaráis na dtíortha neamh-AE chun é a dhéanamh ina phríomhchuspóir na scoileanna a choinneáil ar oscailt le linn paindéimí, agus leanúnachas na foghlama á chinntiú do pháistí uile ag an am céanna, lena n-áirítear trí bhearta cosanta sláinte agus sábháilteachta, trí straitéisí vacsaínithe agus trí chumas cianfhoghlama; iarrann sé ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) chun an treoir agus an tacaíocht dá cuid a mhéadú d'fhonn rialtais ar fud an domhain a chumasú na cuspóirí sin a chomhlíonadh, agus tús áite á thabhairt do thíortha ioncaim ísil agus meánioncaim íochtair trína chinntiú go bhfuil rochtain ag na hinstitiúidí oideachais dá gcuid ar bhonneagar bunúsach sláinte agus sláintíochta;

4. Tá imní air faoi thionchar airgeadais buan na paindéime ar mhaoiniú le haghaidh oideachais, ós rud é nár bhain tromlach bhallstáit EOECNA an tairseach amach go fóill de 4–6 % OTI nó de 15–20 % de chaiteachas poiblí; spreagann sé tíortha neamh-AE chun infheistíocht a dhéanamh san oideachas lasmuigh dá gcuid pleananna téarnaimh ar fud oideachas réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunoideachas sóisearach; cuireann sé béim ar an bhfíric go bhfuil níos lú ná 1 % tiomanta don oideachas ag tíortha ioncaim ísil agus meánioncaim íochtair sna pacáistí spreagthaí COVID-19 dá gcuid[1], d'ainneoin an mhaoinithe thiomanta, agus go bhfuil 67 % díobh ag brath ar thacaíocht sheachtrach maidir le costais a bhaineann le COVID-19 san earnáil oideachais[2];

[1] EOECNA, 'Tagann Ballstáit EOECNA le chéile chun infheistíocht san oideachas a mhéadú', 10 Samhain 2021.

[2] Bae, H., Costinot, M., an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), Oideachas agus Scileanna an Lae Inniu, 'Bóthar fada i dtreo téarnaimh: Léirítear príomhbhuarthaí comhionannais le freagairtí náisiúnta oideachais i leith COVID', 13 Iúil 2021.

5. Iarrann sé ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar rialtais náisiúnta tíortha neamh-AE chun straitéisí agus treoirlínte a fhorbairt don earnáil oideachais d'fhonn freagairt ar thonnta ina dhiaidh seo den phaindéim ar bhealach comhordaithe agus eagraithe agus an aidhm acu iarmhairtí don phróiseas foghlama a íoslaghdú;

6. Cuireann sé fáilte roimh Dhearbhú Pháras EOECNA: Glao Domhanda ar Infheistíocht i dTodhchaí an Oideachais; gríosaíonn sé tíortha ar fud an domhain chun oideachas a mheas mar infheistíocht seachas caiteachas; creideann sé go bhfuil cúnamh airgeadais leordhóthanach agus éifeachtach san oideachas ina réamhriachtanas le haghaidh an bhochtaineacht a dhíothú agus folláine a fheabhsú, go speisialta i dtréimhse nuair atá acmhainní poiblí á dteorannú i rith an ama agus éilimh chomhsháraitheacha ann in earnálacha atá buailte go dona amhail sláinte agus oideachas; gríosaíonn sé an Coimisiún agus na Ballstáit chun maoiniú le haghaidh oideachais a mhéadú go mór sna straitéisí forbartha agus cúnaimh idirnáisiúnta dá gcuid; éilíonn sé go gcruthófaí comhpháirtíocht dhomhanda le haghaidh oideachais agus go mbunófaí tacar de chaighdeáin idirnáisiúnta go comhchéimneach;

7. Leagann sé béim ar a thábhachtaí agus atá sé feabhas a chur ar anailís costais agus tionchair agus tionscadail oideachais á roghnú agus faireachán á dhéanamh orthu, chun a chinntiú go maireann tionscadail fada go leor chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais leanaí, chun ualaí iomarcacha riaracháin ar chomhpháirtithe cur chun feidhme a sheachaint, agus chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach i dtionscadail 'airgead ar mhaithe le hoideachas'; éilíonn sé níos mó comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha do thionscadail bonneagair ábhar san oideachas do leanaí;

8. Éilíonn sé measúnachta doichte agus rialuithe dochta ar leithdháileadh maoinithe ón AE do thionscadail oideachais i dtíortha neamh-AE chun a chinntiú go soláthraítear cúnamh go héifeachtach do struchtúir agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha atá i gcomhréir le luachanna Eorpacha, chun oiliúint cheart a chinntiú do mhúinteoirí, agus chun ábhar oideachasúil a sholáthar do leanaí nach spreagtar fuath leis i gcoinne daoine eile;

9. Iarrann sé ar an gCoimisiún chun modheolaíochtaí agus treoirlínte a fhorbairt lena bhfeabhsaítear cumas na dtionscadal cúnaimh dá chuid chun freastal ar fhoghlaimeoirí uile, go háirithe iad siúd a d'fhéadfadh a bheith neamhábalta oideachas a rochtain, amhail cailíní, foghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, foghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus foghlaimeoirí eile, trí dhul i ngleic le baic ar oideachas agus ar oiliúint ar gach leibhéal atá ar ardchaighdeán, sábháilte agus ionchuimsitheach; cuireann sé béim ar thábhacht rannpháirtíocht an phobail iomláin, agus teaghlaigh san áireamh, sa phróiseas sin; iarrann sé ar an gCoimisiún chun tacú le bailiú sonraí inchomparáide agus le faireachán éifeachtach orthu, agus iad imdhealaithe faoi inscne agus faoi aois, d'fhonn freagairtí a shaincheapadh ar bhonn níos fearr ar fhoghrúpaí foghlaimeoirí;

10. Cuireann sé in iúl go raibh tionchar uafásach ag COVID-19 ar leanaí agus ar dhaoine óga faoi mhíchumas, a raibh cúram agus aire speisialta de dhíth orthu le linn na díghlasála agus a bhfuil na hiarmhairtí os a gcomhair anois;

11. Leagann sé béim ar an bhfíric, mar thoradh ar an bpaindéim, gur íoc foghlaimeoirí ar fud an domhain go daor i dtéarmaí foghlama agus caillteanas eolais, curtha le chéile le

hiarmhairt thromchúiseach i dtéarmaí modheolaíochta, rud a chuaigh i bhfeidhm ar fhorbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla; iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS, dá bhrí sin, chun tacú le húdaráis náisiúnta córais oideachais a neartú ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha araon agus infheistíocht a dhéanamh i gcomhionannas agus i scileanna don todhchaí;

12. Iarrann sé ar an gCoimisiún chun bearta reachtúla iomchuí a dhéanamh i réimse na trádála agus an chomhoibrithe idirnáisiúnta chun géarú dúshaothraithe leanaí a sheachaint, mar tá ceart bunúsach ag gach leanbh clárú ar oideachas ardchaighdeáin; spreagann sé tíortha ar fud an domhain chun creata dlíthiúla a chur i bhfeidhm maidir le clárú poiblí i scoileanna agus chun aois fágála scoile íosta a shocrú;

13. Díríonn sé aird ar an ngá le cláir a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh i dtíortha ioncaim ísil agus meánioncaim íochtair atá dírithe ar mhífhaisnéis a chomhrac, ar imní tuismitheoirí a laghdú tar éis na paindéime, agus ar bhuntáistí agus ar thairbhí ionchasacha na scolaíochta a léiriú d’fhonn freastal ar scoil a neartú agus leanaí a chuidiú dul tríd an oideachas chomh fada is féidir;

14. Gríosaíonn sé go gcuirfí múinteoirí ag croílár na gcóras oideachais agus go gcuirfí gairm na múinteoireachta chun cinn agus go dtabharfaí an t-aitheantas ceart di; cuireann sé béim ar a thábhachtaí agus atá sé dálaí oibre a fheabhsú agus ar an ngá le luach saothair leordhóthanach a thabhairt d’oideoirí agus do mhúinteoirí as a gcuid oibre; díríonn sé aird ar an bpoitéinseal a bhaineann le hardáin ar líne amhail Ríomhnascadh agus acadaimh múinteoirí faoi Erasmus+ d’fhonn múinteoirí a chumasú a thuilleadh - fiú lasmuigh den AE - chun cuidiú leo cumarsáid a dhéanamh lena bpiaraí, a gcuid gairmiúlachta a chleachtadh agus tairbhe a bhaint as deiseanna foghlama gairmiúla; éilíonn sé tacaíocht mhéadaithe d’oiliúint leanúnach do mhúinteoirí; meabhraíonn sé an tábhacht de mhúinteoirí a chur ar an eolas faoi bhearta coisctheacha náisiúnta maidir le sláinte; cuireann sé béim ar an ngá le tabhairt faoin dúshlán de mhúinteoirí a ionadú le linn paindéime;

15. Cuireann sé béim ar ról an oideachais sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, an oideachais do shaoránacht agus na hoibre deonaí; iarrann sé ar an gCoimisiún chun tacú le tíortha neamh-AE aitheantas do scileanna boga a fheabhsú; éilíonn sé go gcuirfí cleachtais na dlúthpháirtíochta agus na meantóireachta idirghlúine chun cinn d’fhonn éagothroime, eisiamh agus luathfhágáil scoile a laghdú;

16. Éilíonn sé go ndéanfaí malartuithe domhanda eolais agus soghluaisteacht dhomhanda a luathú ar gach leibhéal an oideachais agus idir tíortha agus réigiúin agus laistigh díobh freisin, agus stair chasta agus chonspóideach na gcaidreamh domhanda á haithint agus béim á leagan ar a thábhachtaí agus atá sé oidhreacht, féiniúlacht chultúrtha, stair, ealaín agus saoránacht dhomhanda a chur chun cinn trí oideachas; tugann sé an poitéinseal faoi deara de mhalartuithe ar líne agus taisteal a chomhcheangal chun na críche sin;

17. Iarrann sé ar an gCoimisiún chun comhdháil deontóirí a thionól ar bhonn práinne faoi choimirce an AE agus na NA d’fhonn tionscnamh Covax a atreisiú agus sprioc choiteann a bhunú chun vacsaín phéidiatrach cheadaithe a chur ar fáil do leanaí i bhfianaise iarmhairt uafásach COVID-19 ar oideachas daoine óga ar fud an domhain; creideann sé gur cheart an sprioc a chur san áireamh le comhaontú domhanda sláinte

agus gur cheart é a mhaoiniú trí eisiúint neamhghnách ceart tarraingthe speisialta ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus trí shíntiúis ó thíortha forbartha;

18. Díríonn sé aird ar an ngá le leas a bhaint as na sineirgí idir cultúr agus oideachas d'fhonn sochaithe inbhuanaithe, ionchuimsitheacha agus athléimneacha a mhúnlú; iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS, maidir leis sin, chun tacú le húdaráis náisiúnta ealaíona agus cultúr a áireamh i gcuraclaim scoile agus i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim d'fhonn eispéiris oideachasúla agus foghlama foghlaimeoirí i dtíortha neamh-AE a fheabhsú;

19. Leagann sé béim ar thábhacht an ghairmoideachais, an oideachais sheachfhoirmiúil, na meantóireachta agus na hoiliúna do gach foghlaimeoir; creideann sé gurb ionann gairmoideachas agus gairmoiliúint d'fhoghlaimeoirí i dtíortha neamh-AE agus rogha bhreise bhunúsach lena gcuideofaí leo a n-aistriú chuig an margadh saothair a bhainistiú agus lena dtabharfaí cúis dóibh agus dá dteaghlaigh an scolaíocht a chríochnú; éilíonn sé go gcuirfí gairmoideachas agus gairmoiliúint chun cinn mar chonair bharr feabhais i dtreo fostaíochta; cuireann sé béim arís ar thábhacht ghné sheachtrach Limistéar Eorpach an Oideachais agus réimse chomhfhreagrach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna; cuireann sé béim ar an ngá le soghluaisteacht idirnáisiúnta agus le malartú dea-chleachtas san earnáil, lena n-áirítear eispéiris idirchultúrtha agus foghlama a chur chun cinn le tíortha neamh-AE lasmuigh den oideachas foirmiúil; éilíonn sé go nglacfaí le céimeanna éifeachtacha chun an neamhréir a laghdú idir na córais oideachais agus éilimh an mhargaidh saothair;

20. Cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí múscailte feasachta a fhorbairt agus a neartú a bhaineann le hathrú aeráide agus le cosaint an chomhshaoil agus lena dtionchar ar leanaí agus ar ghlúnta le teacht; éilíonn sé go ndéanfaí oideachas comhshaoil ina phríomhchomhpháirt de churaclaim scoile;

21. Iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS chun oideachas cuimsitheach um ghnéasacht a chur chun cinn agus a thacú atá inrochtana, oiriúnaithe agus saor ó stiogma do leanaí, d'ógánaigh agus do dhaoine óga uile, i suíomhanna oideachasúla foirmiúla agus seachfhoirmiúla araon, lena n-áirítear faisnéis maidir le seirbhísí sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe;

22. Cuireann sé béim ar ról tábhachtach an chorpoideachais i scoileanna, mar tá gníomhaíocht coirp agus stíl shláintiúil mhaireachtála ríthábhachtach maidir le sláinte foghlaimeoirí a fheabhsú; iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS, dá bhrí sin, chun tacú le húdaráis náisiúnta chun a chinntiú go mbíonn saoráidí leordhóthanacha agus sábháilte spóirt ar fáil i scoileanna agus go gcuirtear oiliúint ar mhúinteoirí cáilithe spóirt;

23. Is údar náire dó an fhíric go ndearnadh leithcheal ar dhídeanaithe ar leanaí iad, a bhfuil rochtain bheag nó rochtain ar bith acu ar oideachas, níos measa fós ag géarchéim COVID-19; deimhníonn sé nach féidir ranganna leithscartha i gcampaí fáiltithe, a reáchtáiltear ag oibrithe deonacha go minic, a chur in ionad scolaíochta; éilíonn sé go ndéanfaí oideachas éigeantach do dhídeanaithe ar leanaí iad i gcóras scoile na tíre óstaí ina réamhriachtanais chun maoiniú AE a aimsiú i réimse na himirce; iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS chun tacú le tíortha a óstálann dídeanaithe a gcórais

oideachais áitiúla a neartú agus chun cuidiú le pobail óstacha imeascadh dídeanaithe a éascú ar bhealach inbhuanaithe; iarrann sé ar SEGS chun comhordú a chur chun cinn idir oideachas, seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sláinte; meabhraíonn sé gur cheart do scoileanna dídean sábháilte a chur ar fáil do leanaí agus fónamh a dhéanamh mar spásanna poiblí ar féidir leas a bhaint as cearta daonlathacha agus saoirse tuairimíochta iontu; athdhearbhaíonn sé nár cheart go mbeadh táillí oideachais ina mbac ar oideachas ardchaighdeáin, go háirithe nuair a rinneadh leanaí agus a dteaghlaigh a bhochtú mar thoradh ar an bpaindéim;

24. Éilíonn sé go ndéanfaí teicneolaíochtaí, uirlisí digiteacha agus acmhainní oideachasúla furasta le teacht orthu, inacmhainne agus inrochtana do mhúinteoirí, do scoláirí agus do phrintísigh ar fud an domhain agus cuireann sé béim ar an ngá leis na teicneolaíochtaí agus na huirlisí sin a thacú agus a leathnú a thuilleadh; gríosaíonn sé an Coimisiún agus SEGS chun tacú le húdaráis tíortha neamh-AE oiliúint ar ábhair dhigiteacha a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'oideoirí d'fhonn cuidiú leo scileanna digiteacha a aimsiú nó a gcuid scileanna a fheabhsú agus an fheasacht riachtanach a fhorbairt le bheith in ann ábhair foghlama dhigiteacha a úsáid; iarrann sé ar an gCoimisiún chun tacú le tíortha neamh-AE trí thionscnaimh dhátheangacha agus ilteangacha rochtain dhigiteach a éascú ar ábhair oideachasúla agus réitigh a fhorbairt chun úsáid thrasteorann a chumasú; meabhraíonn sé an tábhacht a bhaineann lena chinntiú nach bhfágtar leanbh ar bith ar cúl trí dhigitiú agus iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS chun comhoibriú go dlúth le tíortha neamh-AE agus leis an earnáil phríobháideach chun rochtain a sholáthar ar leathanbhanda agus naisc idirlín a sholáthar i seomraí ranga; éilíonn sé go ndéanfaí oideachas maidir le TFC agus teicneolaíocht dhigiteach a áireamh i gcuraclaim agus go spreagfaí cailíní chun staidéar a dhéanamh ar ábhair in eolaíocht, i dteicneolaíocht, in innealtóireacht, sna healaíona agus i matamaitic (ETIEM); éilíonn sé go ndéanfaí foghlaim dhigiteach ina seirbhís éigeandála i gcórais scoile ar fud an domhain; áitíonn sé cé nár cheart í a chur in ionad oideachas pearsanta, is féidir deiseanna a chruthú le foghlaim hibrideach ar aon dul leis an aistriú digiteach; spreagann sé ceannairí an domhain chun nascacht agus rochtain ar an mbonneagar digiteach, amhail rochtain ar líonra inacmhainne ardchaighdeáin, a mheas mar cheart comhlachaithe den cheart bunúsach ar oideachas;

25. Éilíonn sé go rachfaí an AE ar thús cadhnaíochta mar chumhacht oideachasúil a chuireann ar chumas na mBallstát a gcumas a chur i bhfeidhm ina iomláine chun tacú le hoideachas do leanaí ar fud an domhain agus chun a ndiongbháilteacht a dhearbhú maidir leis an tsaincheist sin; cuireann sé béim ar phríomhról Limistéar Eorpach an Oideachais amach anseo maidir le deis thábhachtach a chur ar fáil do chomhoibriú idirnáisiúnta níos mó chun sineirgí a fhorbairt maidir le hoideachas lasmuigh den Eoraip d'fhonn cineálacha chur chuige agus réitigh chomhchoiteanna a fhorbairt i dtaca le dúshláin chomhchoiteanna; gríosaíonn sé an Coimisiún chun a dhá oiread fuinnimh a chur ina chuid iarrachtaí chun straitéis a shainiú chun na críche sin, agus achoimre shoiléir agus cuspóirí san áireamh;

26. Aithníonn sé go bhfuil sé níos práinní ná riamh mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 chun díriú go daingean ar fhoréigean i gcoinne leanaí; díríonn sé aird ar an ngá leis na bearta iomchuí uile a dhéanamh chun gach cineál de phionós corpartha i gcoinne leanaí a chosc agus chun cleachtais dhíobhálacha a cháineadh agus gealltanas a thabhairt chun deireadh a chur leo, lena n-áirítear dúshaothrú leanaí, gáinneáil ar leanaí, foréigean

bunaithe ar inscne, ciorrú ball giniúna ban, agus pósadh luath agus éigeantais; iarrann sé ar an gCoimisiún agus ar SEGS chun oideachas ardchaighdeáin a chur chun cinn i gcásanna coinbhleachta nó éigeandála i gcomhréir le caighdeáin íosta an Líonra Idirghníomhaireachta um Oideachas in Éigeandálaí; cuireann sé béim ar a thábhachtaí agus atá sé chun a chinntiú go n-éistear le tuairimí leanaí i gcinntí a théann i bhfeidhm ar a rochtain ar oideachas ardchaighdeáin, sábháilte agus ionchuimsitheach ar aon dul le straitéis AE maidir le cearta an linbh agus leis an ngné dhomhanda ina leith; cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna a aimsiú, go suntasach trí fhoghlaim aghaidh ar aghaidh, lena gcuirfear ar chumas leanaí dul chun cinn a dhéanamh ar feadh a saolta, amhail caidrimh phearsanta, scileanna staidéir, comhbhá agus comhoibriú; díríonn sé aird ar an tábhacht a bhaineann le leanaí a bheith in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí súgartha agus fóillíochta, mar atá aitheanta in Airteagal 31 de Choinbhinsiún na NA maidir le Cearta an Linbh; éilíonn sé go ndéanfaí bearta chun an taitneamh a bhaineann leanaí as gníomhaíochtaí fóillíochta agus cultúir a fheabhsú, mar chearta iontu féin agus mar mheán chun a meabhairshláinte agus folláine ghinearálta a fheabhsú;

27. Tugann sé gealltanas chun oideachas a dhéanamh ina phríomhábhar díospóireachtaí in obair thoscaireachtaí parlaiminteacha, go suntasach trí chomhthionóil pharlaiminteacha amhail Comhthionól Parlaiminteach ACP-AE.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 7.2.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 1<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Ilana Cicurel, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Alexis Georgoulis, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Victor Negrescu, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Salima Yenbou, Theodoros Zagorakis |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Christian Ehler, Loucas Fourlas, Elżbieta Kruk, Viola Von Cramon-Taubadel |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| CLE | Dace Melbārde |
| EPP | Asim Ademov, Christian Ehler, Loucas Fourlas, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis |
| Athnuaigh | Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo |
| S&D | Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio |
| An Grúpa 'The Left' | Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek |
| Na Glasaigh/SCE | Viola Von Cramon-Taubadel, Salima Yenbou |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Catherine Griset |

| 3 | 0 |
|---|---|
| CLE | Elżbieta Kruk, Andrey Slabakov |
| ID | Gianantonio Da Re |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh